# Oisín agus Niamh



Bhí mac ag Fionn Mac Cumhaill darbh (1)____________ Oisín. Lá amháin bhí sé amuigh ag fiach leis na Fianna nuair a chonaic siad cailín álainn agus í ag marcaíocht ar (2)____________ bán. 'Cé tú féin', arsa Fionn, 'agus cad a thug anseo thú?'. 'Is mise Niamh', ar sise 'agus tá m'athair ina rí ar Thír na nÓg'. Thit sí i ngrá le hOisín chomh luath is a (3)____________ sí é.'Tar ar ais liom go Tír na nÓg', ar sise. D'imigh Oisín léi ar an gcapall (4)____________ . Chuaigh siad amach thar an bhfarraige go dtí Tír na nÓg.

Bhí Oisín an-sásta leis féin i dTír na nÓg. Bhí saol an-deas (5)____________ ann. D'imigh trí chéad bliain thart. Níor tháinig aon athrú ar na daoine i dTír na nÓg. Níor éirigh éinne riamh (6)____________ nó tinn ann. Smaoinigh Oisín go minic ar a chuid cairde in Éirinn. 'Ba mhaith liom dul ar ais go (7)____________ ', ar seisean le Niamh lá amháin, 'chun Fionn agus na Fianna a (8)____________ arís'.

'Tá go maith', arsa (9)____________ . 'Tabharfaidh mé an capall bán duit agus lean ort. Ach ná seas ar thalamh na hÉireann mar go n-athróidh tú i do sheanfhear láithreach'.

D'imigh Oisín leis thar farraige go hÉirinn. Bhí athrú mór ar an tír. Bhí Fionn agus na Fianna marbh. Bhí an-(10)____________ ar Oisín. 'Rachaidh mé ar (11)____________ go Tír na nÓg anois', ar seisean leis féin. Chonaic sé grúpa fear ag iarraidh cloch mhór a bhogadh. Bhí an chloch rómhór agus róthrom dóibh. Stop Oisín chun cabhrú (12)____________ . Chrom sé síos agus bhog sé an chloch. Ach bhris an diallait ar a chapall agus (13)____________ sé go talamh – talamh na hÉireann!!

D'imigh an capall ar cosa in airde go Tír na nÓg. Ansin (14)____________ rud éigin uafásach. D'athraigh Oisín ina sheanduine. Bhí sé níos mó ná 300 bliain (15)____________ ! Thug na fir go Naomh Pádraig é. D'inis sé na seanscéalta dó faoi Fhionn agus na Fianna. D'inis sé dó faoi Thír na nÓg. Nuair a bhí na seanscéalta inste aige fuair sé bás.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| fheiceáil | d'aois | leo | aige | bán | ais |
| ainm | thit | chonaic | tharla | Niamh | hÉirinn |
| sean | bhrón | chapall | | | |